Dréacht de

NA R IALACHÁIN

dá ngairtear

Na Rialacháin fán Acht um Oidhreacht Stairiúil agus Sheandálaíoch agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2026

Le déanamh ag an Aire

Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus

Oidhreachta

Déanaimse, _____, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hailt 5, 12 agus 13(2) den Acht um Oidhreacht Stairiúil agus Sheandálaíoch agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 (Uimh. 26 de 2023) agus an tuairim agam a shonraítear in alt 12(1)(b) den Acht sin, na rialacháin seo a leanas:

Lua agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar na Rialacháin fán Acht um Oidhreacht Stairiúil agus Sheandálaíoch agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2026 a ghairm de na Rialacháin seo.

(2) Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an _____ lá de _____ 2026.

Míniú

2. Sna Rialacháin seo—

ciallaíonn "adhlacan"—

(a) adhlacthaí talún agus créamtha agus aon iarsmaí díobh, cibé acu adhlactha sa talamh nó faoin talamh nó leagtha in aon tuama, pluais nó déanmhas eile, cibé acu is déanmhas nádúrtha nó déanmhas a athraíodh go saorga an déanmhas sin, agus

(b) suíomh adhlacain agus aon ghné, nádúrtha nó saorga, inar leagadh adhlacan;

ciallaíonn "Léarscáileanna 6 Orlach Céadeagráin na Suirbhéireachta Ordanáis" an chéad sraith de léarscáileanna de réir scala sé orlach ar aon mhíle a d'fhoilsigh an tSuirbhéireacht Ordanáis sa 19ú céad i ndáil le hÉirinn;

ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um Oidhreacht Stairiúil agus Sheandálaíoch agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 (Uimh. 26 de 2023);

folaíonn "talamh portaigh" portach is portach ardaithe nó bratphortach nó ba phortach ardaithe nó bratphortach, agus cuimsíonn sé an ithir mhianrach atá ina luí faoi aon phortach den sórt sin;

ciallaíonn “eagrán dá éis de Léarscáileanna 6 Orlach na Suirbhéireachta Ordanáis” aon eagrán de nó athleasú ar Léarscáileanna 6 Orlach na Suirbhéireachta Ordanáis a bhaineann le hÉirinn agus a foilsíodh d’éis Léarscáileanna 6 Orlach Céadeagráin na Suirbhéireachta Ordanáis.

Aicmí de rudaí iomchuí a fhorordú

3. Tá na haicmí de rudaí iomchuí a shonraítear sa Sceideal, faoi threoir na gcritéar a shonraítear i bhfo-alt (2) d’alt 12 den Phríomh-Acht, arna bhforordú chun críocha fho-alt (1) den alt sin.

Léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a Fhorordú

4. Déantar Léarscáileanna 6 Orlach Céadeagráin na Suirbhéireachta Ordanáis, agus gach eagrán dá éis de Léarscáileanna 6 Orlach na Suirbhéireachta Ordanáis, a fhorordú faoi alt 12(2)(g)(ii) chun críocha mhír (g) d’alt 12(2) den Acht.

Tréimhsí a fhorordú

6. De bun alt 13(2)(c) den Acht, déantar na tréimhsí seo a leanas a fhorordú d’fhonn réamhthuarascáil a dhéanamh ar aimsiú séadchomhartha fhorordaithe sna himthosca a leagtar amach i ndáil le gach tréimhse:

(a) I gcás go dtarlóidh an t-aimsiú i gcúrsa tuarascáil chomhshaoil nó oidhreachta a ullmhú, ar tuarascáil í a bhfuil sé beartaithe í a chur faoi bhráid údarás poiblí nó údarás áitiúil i ndáil le hoibreacha a dhéanamh atá faoi réir údarú faoi achtachán, ní mó an tréimhse (seachas i gcásanna lena mbaineann fomhír (b)) ná—

(i) aon mhí amháin tar éis an séadchomhartha forordaithe a aimsiú, nó

(ii) seacht lá tar éis an tuarascáil nó an aighneacht a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil nó an údaráis phoiblí lena mbaineann,

cibé acu is túisce a tharlóidh,

(b) i gcás go ndéanfaidh duine an t-aimsiú i gcúrsa suirbhéanna nó measúnachtaí seandálaíocha (lena n-áirítear anailís ar íomhánna aeir nó satailíte nó suirbhéanna topagrafaíocha a ullmhaíodh agus trealamh suirbhé á úsáid) a dhéanamh, is suirbhéanna nó measúnachtaí a dhéantar chun roghanna a bhreithniú maidir le hionad d'oibreacha (is oibreacha atá faoi réir údarú faoi achtachán), ní mó an tréimhse a fhorordaítear chun críocha alt 13(2)(c) den Phríomh-Acht ná—

(i) aon mhí amháin tar éis an séadchomhartha forordaithe a aimsiú, nó

(ii) seacht lá tar éis cinneadh chun rogha den sórt sin a roghnú,

cibé acu is túisce a tharlóidh,

(c) i gcás go ndéanfaidh duine an t-aimsiú le linn dó nó di a bheith ag gabháil d'anailís, chun críoch taighde sheandálaíoch ar íomhánna aeir nó satailíte nó suirbhéanna topagrafaíocha a ullmhaíodh agus trealamh suirbhé á úsáid (nach cás lena mbaineann míreanna (a) ná (b)), ní mó an tréimhse a fhorordaítear chun críocha alt 13(2)(c) den Acht ná—

(i) aon mhí amháin tar éis an séadchomhartha forordaithe a aimsiú, nó

(ii) seacht lá tar éis an anailís ar an mbailiúchán íomhánna nó na sonraí suirbhé atá faoi thrácht a chríochnú,

cibé acu is túisce a tharlóidh.

AN SCEIDEAL

Rialachán 3

Aicmí de rudaí iomchuí

1. Rudaí iomchuí de shórt a thagann faoi réim mhíreanna (a) nó (b) den mhíniú ar "rud iomchuí" arna leagan amach in alt 2 den Phríomh-Acht ar choinníoll maidir le haon rud iomchuí den sórt sin gur tógadh é nó gur tháinig sé chun bheith ann ar shlí eile roimh an mbliain 1700.

2. Gan dochar do mhír 1, agus cibé acu a thagann siad nó nach dtagann siad faoi raon na míre sin, na rudaí iomchuí seo a leanas:

(a) adhlacain, uaigheanna, tuamaí nó reiligí (lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) leaca uaighe, clocha cinn, tuamaí meigiliteacha, agus adhlacain chiosta) arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(b) déanmhais mheigiliteacha réamhstairiúla;

(c) ciorcail liag, péirí liag, sraitheanna liag nó, cibé acu líneach nó in aon fhoirm eile, ailínithe réamhstairiúla;

(d) galláin (lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) liaga oghaim, liaga crosghreanta, agus rianairí cloiche teorann) arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(e) dumhaí, tuamaí ardaithe, tulacha créúla nó cairn arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(f) inscríbhinní cloiche nó dealbhóireachtaí cloiche, cibé acu saorsheasmhach nó ar charraig *in-situ*, nó ina gcuid de dhéanmhais saoirseachta nó adhlactha go hiomlán nó go páirteach (lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) ealaín charraige, liaga crosghreanta agus clocha greanta ó fhoirgnimh) arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(g) crosa cloiche (lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) ardchrosa, agus crosa margaidh nó crosa ar thaobh an bhealaigh) arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad luathstairiúil,

(ii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iii) gur den 17ú céad iad;

(h) lonnaíocht, imfháluithe cosanta nó deasghnácha (lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) liosanna (cibé acu is ráth nó caiseal iad), dúnta cnoic, dún cinn tíre, créfoirt fháinneacha, suíomhanna mótacha, heinsí, ciorcail adhmaid, díoga fáinneacha, ciorcail slocán agus imfháluithe cabhsaithe) arb amhlaidh ina leith i ngach cás go bhfuil siad—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil, nó

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach;

(i) créfoirt líneacha nó cursais arb amhlaidh ina leith i gceachtar cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil, nó

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach;

(j) caisleáin, tithe daingnithe nó déanmhais mhíleata (lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) túrthithe, bábhúin, mótaí, mótaí agus bábhúin,

batairí, urdhúnta, agus dúnta de shórt ar bith) arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad luathstairiúil,

(ii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iii) gur den 17ú céad iad;

(k) foirgnimh nó déanmhais shaorga (lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) tithe, botha nó teaghaisí eile, sciobóil nó foirgnimh agus déanmhais talmhaíochta eile, foirgnimh agus déanmhais thionsclaíocha agus aon déanmhas a úsáidtear i gcomhair aon cheird nó trádáil, agus aon fhosuithe, déanmhais agus gnéithe gaolmhara), arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(l) córais páirce nó teorainneacha páirce arb amhlaidh ina leith i gceachtar cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(m) créfoirt, nó aon iarsmaí nó rian díobh ar cuid de thírdhreacha deartha iad, arb amhlaidh ina leith i gceachtar cás—

(i) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(ii) gur den 17ú céad iad;

(n) linnte éisc, nó déanmhais nó gnéithe gaolmhara, arb amhlaidh ina leith i gceachtar cás—

(i) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(ii) gur den 17ú céad iad;

(o) córacha cosanta baile (lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) ballaí baile, claífoirt, díoga, túir agus geataí múir, agus daingniúcháin eile) arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad luathstairiúil,

(ii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iii) gur den 17ú céad iad;

(p) fosuithe, déanmhais nó gnéithe uirbeacha, arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad luathstairiúil,

(ii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iii) gur den 17ú céad iad;

(q) eaglaisí, tithe rialta, séipéil, tithe cruinnithe reiligiúnda, nó déanmhais eaglasta eile (lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) cloigthithe, scrínte agus cuimhneacháin, ospidéil, agus tithe almsan) arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad luathstairiúil,

(ii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iii) gur den 17ú céad iad;

(r) déanmhais atá suite i dtailte portaigh (lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) conairí adhmaid, bóithre agus ardáin (cibé acu, i ngach cás díobh, is d'adhmad nó de chloch iad) arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(s) gan dochar do mhír 11, muilte (lena n-áirítear muilte uisce agus muilte gaoithe agus, i ngach cás díobh, a bhfosuithe, a ndéanmhais agus a ngnéithe gaolmhara) arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(t) mianaigh agus cairéil, nó déanmhais gaolmhara, arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(u) fosuithe nó gnéithe atá suite i bpluaiseanna (cibé acu na pluaiseanna sin a bheith nádúrtha nó saorga), arb amhlaidh ina leith i gceachtar cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(v) uaimheanna talún;

(w) crannóga, nó fosuithe, déanmhais nó gnéithe lonnaíochta bogaigh eile atá lochach, riascach nó de shórt eile agus—

(i) atá réamhstairiúil,

(ii) atá luathstairiúil,

(iii) atá meánaoiseach, nó

(iv) ar den 17ú céad iad;

(x) claiseacha, cibé acu ina gclaiseacha aonair nó ina ngrúpaí arb amhlaidh ina leith—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(y) imfháluithe reilige arb amhlaidh ina leith—

(i) go bhfuil siad luathstairiúil,

(ii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iii) gur den 17ú céad iad;

(z) balláin, Síleanna na gCíoch, agus umair agus umair uisce choisricthe—

(i) atá luathstairiúil,

(ii) atá meánaoiseach, nó

(iii) ar den 17ú céad iad;

(aa) fulachtaí fia, agus gnéithe dóite eile—

(i) atá réamhstairiúil,

(ii) atá luathstairiúil, nó

(iii) atá meánaoiseach,

(bb) tinteáin, áitheanna nó foirnéisí, nó fosuithe, déanmhais agus gnéithe gaolmhara arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(cc) cnuais nó scaipigh de réada seandálaíocha, ar choinníoll gurb é atá in aon chnuas nó scaipeach den sórt sin réada arb amhlaidh ina leith—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(dd) déanmhais nó gnéithe a bhaineann le huisce-árthach a fheistiú, a thabhairt chun duga nó a thabhairt i dtír (lena n-áirítear (ach gan bheith teoranta dóibh) déanmhais chuain, piaraí agus lamairní) arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(ee) coraí arb amhlaidh ina leith—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(ff) gaistí éisc nó déanmhais eile a bhaineann le breith ar éisc nó éisc a phróiseáil (lena n-áirítear sliogiasc), nó le salann a asbhaint agus fosuithe, déanmhais agus gnéithe bainteach arb amhlaidh ina leith in ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(gg) rianta, sráideanna, bóithre nó droichid (gan dromchla coincréite nó tarmac nó aon dromchla a leagadh i ndiaidh na bliana 1700 ar rian, sráid, bóthar nó droichead den sórt sin a áireamh) arb amhlaidh ina leith i ngach cás—

(i) go bhfuil siad réamhstairiúil,

(ii) go bhfuil siad luathstairiúil,

(iii) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(iv) gur den 17ú céad iad;

(hh) tithe solais nó rabhcáin arb amhlaidh ina leith i gceachtar cás—

(i) go bhfuil siad meánaoiseach, nó

(ii) gur den 17ú céad iad;

(ii) rudaí iomchuí de shórt a thagann faoi réim mhíreanna (a) nó (b) den mhíniú ar "rud iomchuí" arna leagan amach in alt 2 den Phríomh-Acht agus atá marcáilte nó taispeánta mar sheandachtaí ar Léarscáileanna 6 Orlach Céadeagráin na Suirbhéireachta Ordanáis nó ar aon eagrán dá éis de Léarscáileanna 6 Orlach na Suirbhéireachta Ordanáis.

3. Na rudaí iomchuí seo a leanas:

(a) toibreacha naofa, seachas i gcás gur tar éis na bliana 1900 a tháinig ann do na toibreacha sin;

(b) cillíní nó tailte adhlactha leanaí, seachas gur tar éis na bliana 1900 a tháinig ann do na cillíní nó na tailte adhlactha leanaí sin;

(c) umair uisce choisricthe chloiche, ar choinníoll—

(i) go bhfuil siad saorsheasmhach,

(ii) go bhfuil siad suite i reilig nó ar thalamh adhlactha atá marcáilte nó taispeánta ar Léarscáileanna 6 Orlach Céadeagráin na Suirbhéireachta Ordanáis nó in eaglais nó i dtimpeallacht eaglaise arb eaglais í a tógadh roimh an mbliain 1700, agus

(i) nach tar éis na bliana 1900 a tháinig ann dóibh;

(d) dabhcha uisce cloiche atá suite i spásanna poiblí, ar choinníoll gur roimh an mbliain 1900 a tháinig ann do na dabhcha sin;

(e) tithe allais, ar choinníoll gur roimh an mbliain 1900 a tháinig ann do na tithe allais sin;

(f) tithe oighir, ar choinníoll gur roimh an mbliain 1900 a tháinig ann do na tithe oighir sin;

(g) tiníleacha, ar choinníoll gur roimh an mbliain 1900 a tháinig ann do na tiníleacha sin.

4. Na rudaí iomchuí seo a leanas:

(a) scaipigh nó cnuais de réada seandálaíocha a cruthaíodh i gcúrsa comhraic mhíleata, ar choinníoll gur roimh an mbliain 1924 a tháinig ann do na scaipigh nó na cnuais sin;

(b) múrtha, díoga nó ballaí a cruthaíodh i gcúrsa comhraic mhíleata nó a athraíodh nó a modhnaíodh mar chuid de na comhraic sin, ar choinníoll gur roimh an mbliain 1924 a tharla an comhrac a bheidh i gceist;

(c) fosuithe nó gnéithe a d'eascair as gníomhaíocht mhíleata agus atá suite i bpluaiseanna (cibé acu is pluaiseanna nádúrtha nó saorga iad), ar choinníoll gur roimh an mbliain 1924 a tharla an ghníomhaíocht mhíleata a bheidh i gceist;

(d) tochaltáin nó díoga cosanta a cruthaíodh chun críoch míleata roimh an mbliain 1924;

(e) raiceanna de shoithí a eascraíonn as gníomhaíocht mhíleata, ar choinníoll gur roimh an mbliain 1946 a tharla an ghníomhaíocht sin;

(f) raiceanna de shoithí cabhlaigh d'aon stát ba chomhraiceoir idir na blianta 1939 agus 1946, a ndearnadh iad a scuitleáil nó ar cuireadh go tóin poill iad ar shlí eile roimh an mbliain 1950;

(g) aerárthaí tuairteáilte faoi thalamh, ar choinníoll gur ghníomhaíocht mhíleata, a tharla roimh an mbliain 1946, ba chúis leis an tuairteáil;

(h) beairicí nó stáisiúin póilíní, garda cósta nó míleata, nó gnéithe nó déanmhais gaolmhara, ar choinníoll maidir leis na beairicí nó na stáisiúin sin—

(i) gur éiríodh as iad a úsáid tráth nach déanaí ná an bhliain 1924 i ndáil leis an gcríoch bhunaidh a bhí leo, agus

(ii) gur ina bhfothrach iad nó go bhfuil siad tréigthe nó díomhaoin ar dháta theacht i ngníomh na Rialachán seo;

(i) déanmhais cosanta cósta nó túir chomharthaíochta chósta, ar choinníoll maidir leis na déanmhais cosanta cósta nó na túir chomharthaíochta chósta sin—

(i) gur éiríodh as iad a úsáid tráth nach déanaí ná an bhliain 1924 i ndáil leis an gcríoch bhunaidh a bhí leo, agus

(ii) gur i riocht fothraigh, tréigthe nó díomhaoin atá siad ar dháta theacht i ngníomh na Rialachán seo;

(j) ionaid faire cósta a tógadh le coincréit nó saoirseacht idir na blianta 1939 agus 1946, ar choinníoll go bhfuil na poist sin i riocht fothraigh, tréigthe nó díomhaoin ar dháta theacht i ngníomh na Rialachán seo;

(k) comharthaí a dearadh chun go léifí iad ó aerárthaí chun go dtabharfaí rabhadh d'aerárthaí míleata idir na blianta 1939 agus 1946 gur i ndlínse an Stáit a bhí siad.

5. Na rudaí iomchuí seo a leanas:

(a) eaglaisí nó séipéil (lena n-áirítear tithe aifrinn) a tógadh roimh an mbliain 1800, ar choinníoll maidir leis na heaglaisí nó na séipéil sin—

(i) gur éiríodh as iad a úsáid roimh an mbliain 1900 i ndail leis an gcríoch bhunaidh a bhí leo (seachas i gcomhair seirbhísí ócáidiúla reiligiúnda), agus

(ii) gur i riocht fothraigh, tréigthe nó díomhaoin atá siad ar dháta theacht i ngníomh na Rialachán seo;

(b) clocha cinn nó tuamaí in aon reilig atá marcáilte nó taispeánta ar Léarscáileanna 6 Orlach Céadeagráin na Suirbhéireachta Ordanáis, ar choinníoll gur roimh an mbliain 1800 a cuireadh suas nó a tógadh aon chloch cinn nó tuama den sórt sin;

(c) carraigeacha aifrinn, ar choinníoll go n-úsáidtí na carraigeacha sin i gcomhair aifreann roimh an mbliain 1900.

6. Lonnaíochtaí clachain nó cnuais lonnaíochta comhchosúla—

(a) a thaispeántar ar Léarscáileanna 6 Orlach Céadeagráin na Suirbhéireachta Ordanáis, nó

(b) a bhí ann roimh an mbliain 1800,

nó córais páirce gaolmhara iarmharacha, ach gan aon déanmhas atá, ar dháta theacht i ngníomh na Rialachán seo—

(i) á úsáid mar theaghais,

(ii) á úsáid mar áitreabh tráchtála, nó

(iii) faoi dhíon agus á úsáid go lánaimseartha mar fhoirgneamh talmhaíochta.

7. Botha buaile nó gnéithe gaolmhara.

8. Ar choinníoll maidir leo—

(a) go rabhadar ann roimh an mbliain 1850,

(b) gur éiríodh as iad a úsáid roimh an mbliain 1900 i ndail leis an gcríoch bhunaidh a bhí leo, agus

(c) gur i riocht fothraigh, tréigthe nó díomhaoin atá siad ar dháta theacht i ngníomh na Rialachán seo,

déanmhais a bhaineann le breith ar éisc nó éisc a phróiseáil (lena n-áirítear sliogiasc), nó le salann a asbhaint agus fosuithe agus gnéithe gaolmhara.

9. Tithe solais, ar choinníoll—

(a) go raibh siad ann roimh an mbliain 1800,

(b) gur éiríodh as iad a úsáid roimh an mbliain 1900 i ndail leis an gcríoch bhunaidh a bhí leo, agus

(c) gur i riocht fothraigh, tréigthe nó díomhaoin atá siad ar dháta theacht i ngníomh na Rialachán seo.

10. Mianraí agus cairéil agus déanmhais, gnéithe agus fosuithe gaolmhara, ar choinníoll—

(a) go raibh siad ann roimh an mbliain 1850,

(b) gur éiríodh as iad a úsáid roimh an mbliain 1900 i ndail leis an gcríoch bhunaidh a bhí leo, agus

(c) gur i riocht fothraigh, tréigthe nó díomhaoin atá siad ar dháta theacht i ngníomh na Rialachán seo.

11. Muilte (cibé acu is muilte uisce, muilte gaoithe nó muilte taoide iad), ceártaí nó déanmhais eile a bhaineann le táirgíocht thionsclaíoch atá marcáilte nó taispeánta ar

Léarscáileanna 6 Orlach Céadeagráin na Suirbhéireachta Ordanáis, nó a bhí ann roimh an mbliain 1800, ar choinníoll maidir le muilte, ceártaí nó déanmhais den sórt sin—

(a) gur éiríodh as iad a úsáid roimh an mbliain 1900 i ndail leis an gcríoch bhunaidh a bhí leo, agus

(b) gur i riocht fothraigh, tréigthe nó díomhaoin atá siad ar dháta theacht i ngníomh na Rialachán seo.

12. Droichid a tógadh roimh an mbliain 1800 (gan dromchlaí bóthair coincréite nó tarmac ar dhroichid den sórt sin a áireamh).

13. Cáblaí teileagrafa faoin bhfarraige a tógadh roimh an mbliain 1900 agus nach n-úsáidtear chun críoch teileachumarsáide ar dháta theacht i ngníomh na Rialachán seo.

ARNA THABHAIRT faoi mo
Shéala Oifigiúil,
____ _____ 2026.

_____,
An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil
agus Oidhreachta.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(*Ní cuid den ionstraim an nóta seo agus ní airbheartaíonn sé a bheith ina mhíniú dlíthiúil*.)

Forordaítear leis na Rialacháin seo aicmí rudaí iomchuí arb ábhar spéise seandálaíoch nó ábhar spéise iomchuí eile iad faoin *Acht um Oidhreacht Stairiúil agus Sheandálaíoch agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023* agus a bheidh ina séadchomharthaí forordaithe chun críoch an Achta sin.